Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrthóra

| |
|---|
| |

General Certificate of Secondary Education
2011

# Eolaíocht: Teastas Dúbailte (Modúlach)

## Páipéar 2
## Ardsraith

**[G8205]**

G8205

**DÉ hAOINE 27 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 110 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **3(c)**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá Bileog Sonraí ina bhfuil Tábla Peiriadach na nDúl ar fáil.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |

| Marc Iomlán | |
|---|---|

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1 (a)** Sa cheimic, is minic a bhíonn focail nó téarmaí ar leith in úsáid le cur síos ar imoibrithe.

Anseo thíos tá sé chineál d'imoibrithe ceimiceacha:

**A** Dí-ocsaídiú
**B** Dianscaoileadh Teirmeach
**C** Dóchán
**D** Díláithriú
**E** Neodrú
**F** Hiodráitiú

I gcás gach ceann de na himoibrithe seo a leanas, roghnaigh an litir chuí **A**, **B**, **C**, **D**, **E** nó **F** le cur síos ar an chineál imoibrithe atá ann. Tá an chéad cheann déanta.

$Mg + FeSO_4 \rightarrow MgSO_4 + Fe$ **D**

**(i)** $2Zn + O_2 \rightarrow 2ZnO$ ______ [1]

**(ii)** $HCl + KOH \rightarrow KCl + H_2O$ ______ [1]

**(iii)** $CuSO_4 + 5H_2O \rightarrow CuSO_4.5H_2O$ ______ [1]

**(iv)** $CaCO_3 \rightarrow CaO + CO_2$ ______ [1]

**(b)** Déantar níos mó iarainn a mhonarú gach bliain ná mar a dhéantar de mhiotal ar bith eile. Luaigh **3** fháth dhifriúla a mbíonn an oiread seo iarainn á mhonarú.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

3. ______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(c)** Is é atá sa tábla thíos faisnéis ar struchtúr adamh.
Comhlánaigh an tábla.


| **Siombail** | **Líon na bprótón** | **Líon na neodrón** | **Líon na leictreon** | **Maisuimhir** | **Cóiriúchán na leictreon** |
|---|---|---|---|---|---|
| Na | | 12 | 11 | 23 | 2,8,1 |
| O | 8 | 8 | | 16 | |
| Ca | 20 | 20 | 20 | | 2,8,8,2 |
| Al | 13 | | 13 | 27 | |

[6]


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** **(a)** Anseo thíos tá an struchtúr atá ar dhá chomhdhúil chomhfhiúsacha ollmhóra.



grianchloch



graifít

*© Chemistry in Use by Roland Jackson, published by Pearson (Longman), 1984 & 1987, ISBN 058201394. Reproduced by permission of Pearson Education*

Is móilín comhfhiúsach ollmhór í grianchloch a bhfuil adaimh sileacain agus adaimh ocsaigine inti. Adaimh charbóin atá i ngraifít.

**(i)** Ainmnigh móilín comhfhiúsach ollmhór eile nach bhfuil ach adaimh charbóin ann agus a bhfuil a struchtúr cosúil le struchtúr grianchloiche.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Cad chuige **nach** féidir le grianchloch leictreachas a sheoladh?

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Tá leáphointe iontach ard ag grianchloch agus graifít araon. Móilíní a bhfuil struchtúr comhfhiúsach ollmhór acu, tá sé deacair iad a leá. Cad chuige?

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b) (i)** Nuair a bhíonn úráiniam-238 a mheath, bíonn cáithnín alfa á chailleadh aige. Comhlánaigh an chothromóid núicléach don imoibriú seo. (Is féidir go mbeidh an Bhileog Sonraí ina cuidiú.)

$^{238}_{92}U \rightarrow \qquad\qquad + \qquad\qquad$ [4]

**(ii)** Tá leathré iontach mór dar $4.5 \times 10^9$ bliain ag úráiniam-238. Cá fhad a ghlacfadh 20 g de $^{238}U$ le meath ina 2.5 g?

________________ bliain [2]

**(c)** Baineann an cheist seo leis an méid iarainn is féidir a tháirgeadh ó méid áirithe d'ocsaíd iarainn(III). Anseo thíos tá an chothromóid don imoibriú.

$$Fe_2O_3 + 3CO \rightarrow 2Fe + 3CO_2$$

**(i)** Cad é an mhais fhoirmle choibhneasta le haghaidh $Fe_2O_3$?

(Mais adamhach choibhneasta Fe = 56, O = 16)

mais fhoirmle choibhneasta = ________________ [1]

**(ii)** An freagra ar chuid **(i)** in úsáid agat, ríomh an líon mól de $Fe_2O_3$ atá in 100 gram den chomhdhúil.

________________ mól [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iii)** Cá mhéad mól iarainn is féidir a tháirgeadh ó 100 gram de $Fe_2O_3$?

________________ mól [1]

**(iv)** Cén mhais iarainn is féidir a tháirgeadh ó 100 gram de $Fe_2O_3$?

________________ g [1]

**(v)** Cá mhéad mól d'aonocsaíd charbóin a bheadh de dhíth le himoibriú le 100 g de $Fe_2O_3$?

________________ mól [1]

**(vi)** Cén mhais d'aonocsaíd charbóin a bheadh de dhíth le himoibriú le 100 g de $Fe_2O_3$?

(Is é 28 an mhais fhoirmle choibhneasta le haghaidh aonocsaíd charbóin.)

________________ g [2]

**3** Baineann an cheist seo le neamh-mhiotail áirithe agus na comhdhúile acu.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(a)** Is gás í hidrigin.

**(i)** Luaigh **dhá** airí **fhisiceacha** eile de chuid hidrigine.


1. ______________________________ [1]

2. ______________________________ [1]

**(ii)** Luaigh dóigh **amháin** a mbíonn hidrigin in úsáid.

______________________________ [1]

Taispeánann an léaráid thíos cad é mar is féidir hidrigin a úsáid le hocsaíd chopair(II) a dhí-ocsaídiú.




**(iii)** Scríobh cothromóid siombailí chothromaithe don imoibriú idir hidrigin agus ocsaíd chopair(II).

______________________________ [2]

**(b)** Is eisíontas é sulfar i ngual agus in ola. Nuair a bhíonn na breoslaí seo ag dó bíonn gás aigéadach á tháirgeadh acu, gás atá ina chúis le báisteach aigéadach.

**(i)** Ainmnigh an gás aigéadach seo atá ina chúis le báisteach aigéadach.

______________________________ [1]

**(ii)** Abair go bhfuil loch á thruailliú ag báisteach aigéadach. Ciorclaigh an luach pH a shíleann tú a bheadh ag an loch seo.

**0**  **3**  **7**  **9**  **13**  [1]

**(iii)** Luaigh éifeacht dhochrach **amháin** a bhíonn ag báisteach aigéadach.

______________________________ [1]

Caithfidh stáisiúin chumhachta na hastuithe gás aigéadach a rialú.



© Greenpeace / Hunt

**(iv)** Luaigh dóigh amháin ar féidir na hastuithe gás ó stáisiúin chumhachta a rialú.

_______________________________________________ [1]

**(c)** Tá cuid mhór breosla darb ainm lignít sa cheantar thart ar Bhaile Monaidh, i gContae Aontroma. Leis an lignít a fháil, bíonn cineál mianadóireachta in úsáid mar a mbíonn an ithir dhromchla agus an talamh á mbaint ar shiúl le gur féidir an lignít a thabhairt amach.

Cuir síos ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí as mianach ligníte a bheith suite in aice le Baile Monaidh. Measúnófar thú chomh maith ar chaighdeán na cumarsáide scríofa.

Buntáistí: _______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

Míbhuntáistí: _______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [6]

Caighdeán na cumarsáide scríofa [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Tá níotráití agus fosfáití ar dhá cheann de na cúiseanna le truailliú uisce.

**(i)** Luaigh an phríomhfhoinse do níotráití in uisce.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh an phríomhfhoinse d'fhosfáití in uisce.

_______________________________________________ [1]

Bíonn scagadh agus clóiríniú in úsáid i monarchana cóireála uisce lena chinntiú go mbeidh an t-uisce glan agus sábháilte lena ól.

**(iii)** Cén cineál eisíontas in uisce nach féidir a bhaint ar shiúl trína scagadh?


_______________________________________________ [1]

**(iv)** Cad é mar a bhíonn uisce sábháilte lena ól mar gheall ar chlóiríniú?

_______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Le halúmanam a mhonarú, déantar ocsaíd alúmanaim leáite a leictrealú mar a thaispeántar sa léaráid thíos.




**(a)** **(i)** Cén t-ábhar a bhíonn in úsáid leis na leictreoidí sa leictrealú seo a dhéanamh?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Cén táirge a bhíonn ann ag an anóid agus ag an chatóid mar gheall ar an leictrealú seo.

Anóid ________________ Catóid ____________________ [1]

**(iii)** Cén leictreoid a chaithfear a mhalartú go rialta? Mínigh cad chuige a gcaithfear é seo a dhéanamh.

Leictreoid ___________________________________________

Míniú _______________________________________________

_____________________________________________________

_______________________________________________ [3]

**(b)** Baineann an chuid seo den cheist le himoibrithe idir na miotail i nGrúpa I agus uisce.

| Grúpa I |
|---|
| Li |
| Na |
| K |

**(i)** Cén t-ainm a thugtar ar na miotail i nGrúpa I?

______________________________ [1]

**(ii)** Cad é a bheidh le feiceáil nuair a chuirtear méid beag sóidiam isteach in uisce?

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [4]

**(iii)** Is le méid **beag** sóidiam a dhéantar an t-imoibriú i gcuid **(ii)**. Cad chuige?

______________________________ [1]

**(iv)** Comhlánaigh an chothromóid focal don imoibriú idir sóidiam agus uisce.

Sóidiam + uisce $\rightarrow$ + [2]

**(v)** An t-imoibriú idir litiam agus uisce, cén dóigh agus cad chuige a mbeadh sé difriúil leis an imoibriú idir sóidiam agus uisce?

______________________________

______________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Baineann an chuid seo den cheist leis na miotail i nGrúpa II agus na comhdhúile acu.

**(i)** Nuair a bhíonn cailciam ag imoibriú le huisce éireoidh an t-uisce modartha. Cad é an chomhdhúil a bhíonn á foirmiú agus a fhágann go n-éiríonn an t-uisce modartha?

______________________________________________ [1]

**(ii)** Comhlánaigh an chothromóid siombailí anseo thíos don imoibriú idir carbónáit chailciam agus aigéad hidreaclórach.

$CaCO_3 + 2HCl \rightarrow \quad\quad + \quad\quad + CO_2$ [2]

**(iii)** Is solad ianach í ocsaíd mhaignéisiam. Fágann sé seo go mbeidh leáphointe ard aici. Luaigh **dhá** airí fhisiceacha eile a shíleann tú a bheadh ag gnáthsholad ianach.

______________________________________________

______________________________________________ [2]


**LEATHANACH BÁN**

**(Leantar leis na ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

5 **(a)** Anseo thíos tá na torthaí a fuair grúpa daltaí a raibh fiosrúchán ar bun acu ar intuaslagthacht clóráit photaisiam in uisce:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Teocht (°C) | 8 | 18 | 30 | 39 | 50 | 60 |
| Intuaslagthacht clóráit photaisiam (g/100 g $H_2O$) | 5.5 | 7.5 | 11.0 | 14.0 | 20.0 | 25.5 |

**(i)** Ar an eangach thíos, lipéadaigh an **y-ais** agus breac cuar tuaslagthachta le haghaidh clóráit photaisiam.




[4]

**(ii)** 12 g de chlóráit photaisiam, cén teocht ag a ndéanfaidh sí tuaslagán sáithithe in 100 g uisce?

_________________ °C [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iii)** Úsáid an cuar tuaslagthachta lena fháil amach cad é intuaslagthacht clóráit photaisiam ag:

1. 11 °C ________________________________ g/100 g $H_2O$ [1]

2. 55 °C ________________________________ g/100 g $H_2O$ [1]

**(iv)** Tuaslagán sáithithe de chlóráit photaisiam in **50 g** uisce ag 55 °C, abair go ndéantar é a fhuarú go dtí 11°C. Cén mhais de chlóráit photaisiam a dhéanfar a chriostalú ansin?

Freagra ________________ g [2]

**(b)** Is i bPróiseas Haber-Bosch a dhéantar amóinia a ullmhú go tionsclaíoch ó ghás nítrigine agus ghás hidrigine.

**(i)** Luaigh teocht agus brú atá fóirsteanach le haghaidh Phróiseas Haber-Bosch agus ainmnigh an catalaíoch a bhíonn in úsáid.

Teocht: ____________________________________________

Brú: ____________________________________________

Catalaíoch: ________________________________________ [3]

**(ii)** Scríobh cothromóid siombailí chothromaithe le haghaidh foirmiú amóinia ó nítrigin agus hidrigin.

____________________________________________________ [3]

**(iii)** Ní féidir Próiseas Haber-Bosch a léiriú i saotharlann scoile. Luaigh fáth **amháin** le cad chuige.

____________________________________________________

____________________________________________________ [1]

**(c)** Meastar gurb é £6 billiún an costas a bhaineann le héifeachtaí meirgithe sa RA gach bliain. An t-iarann a ghalbhánú le sinc, tá sé seo ar cheann de na modhanna is tábhachtaí le réada iarainn amhail geataí a chosaint. Is sampla é an modh seo de **chosaint íobartach**.

**(i)** Cad é an t-ainm ceimiceach iomlán le haghaidh meirge?

______________________________________________ [2]

**(ii)** Bratú since a chur ar an iarrann, fágfaidh sé seo nach dtiocfaidh meirg ar an iarann cé go bhfuil sé scríobtha nó briste, fiú. Mínigh cad chuige.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** Is é atá i gceist le hailcéiní ná sraith homalógach de hidreacarbóin neamhsháithithe. Bíonn an fhoirmle ghinearálta chéanna ag na baill uilig den tsraith homalógach chéanna.

**(a) (i)** Cad é an fhoirmle ghinearálta le haghaidh ailcéiní?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Cad é is **hidreacarbón neamhsháithithe** ann?

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

**(iii)** I gcás próipéine, comhlánaigh an tábla thíos lena thaispeáint cad é an fhoirmle mhóilíneach agus an fhoirmle struchtúrach atá aici agus cén staid fhisiciúil ina bhfuil sí ag teocht an tseomra. Is í próipéin an dara ball den tsraith homalógach ailcéiní.

| hidreacarbón | foirmle mhóilíneach | foirmle struchtúrach | staid fhisiciúil ag teocht an tseomra |
|---|---|---|---|
| próipéin | | | |

[3]

**(b)** Is plaisteach tábhachtach úsáideach í polaitéin a dhéantar ó mhóilíní eitéine.

An **cineál** imoibrithe a bhíonn in úsáid le polaitéin a dhéanamh ó eitéin, luaigh an t-ainm **iomlán** atá air.

_______________________________________________ [2]

**(c)** Ar cheann de na himoibrithe tábhachtacha eile a bhaineann le heitéin, tá, é a imoibriú le gal uisce le heatánól a tháirgeadh.

**(i)** Scríobh cothromóid siombailí chothromaithe don imoibriú idir eitéin agus gal uisce.

_______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(ii)** Ainmnigh dóigh eile le heatánól a tháirgeadh.

______________________________ [1]

**(iii)** Tarraing an fhoirmle **struchtúrach** le haghaidh eatánóil.

[1]

**(iv)** Luaigh dóigh **amháin** a mbíonn eatánól in úsáid.

______________________________ [1]

**(d)** Is féidir eatánól a ocsaídiú le haigéad aicéiteach a tháirgeadh.

**(i)** Cad é an fhoirmle **mhóilíneach** le haghaidh aigéad aicéiteach?

______________________________ [1]

**(ii)** Is aigéad lag é aigéad aicéiteach agus imoibríonn sé le maignéisiam. Abair gur chuir tú píosa de ribín maignéisiam isteach i gcaolaigéad aicéiteach. Luaigh **dhá** rud a bheadh le feiceáil ansin.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(e)** Is féidir aigéad aicéiteach a imoibriú le heatánól le heistear dar foirmle $CH_3COOC_2H_5$ a tháirgeadh.

**(i)** Cad é an t-ainm ceimiceach atá ar an eistear $CH_3COOC_2H_5$?

______________________________ [1]

**(ii)** Cén chuma atá ar an eistear $CH_3COOC_2H_5$?

______________________________ [2]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.